An tSín Mar Comhaċt Domhanda

'Sé mo ṫuairim féin go bhfuil an saol ag dul in aois agus ag dul in olcas, de réir an tseanḟocal. Tá cogaí is clampar níos forleiṫne, níos craorcaí agus níos nimhní anois, ná mar a bhí siad riamh. Cibé aṫrú a ṫagann ar an saol, cibé dul ċun cinn a ḋéantar san eolas agus san ealaín. Is amhlaidh a mhéadaíonn siad ar ḋéine an áir, is uafais an eirliġ. I suimh mar sin, conas a n-éireofaḋ leis an tSín mar comhaċt domhanda? Nó an bhfuil taisme ar biṫ aici, an éifeaċt sin do ḃaint amaċ.

Sílim go bhfuil gaċ rud ina fábhar. Is tír an-ċumasaċ, láidir í, an tSín anois, agus is mar sin a bhí sí na cianta blianta ó ṡoin. Fadó, fadó, nuair a bhí an Eoraip scriosta, loite ag na Huin ⁊ a leiṫéid de ṫréiḃeaċa fiata, bhí cultúir an-árd ins an tSín. Níor éiriġ leis an beirbe a mbealaċ a ḋéanamh isteaċ, mar ġeall ar "Balla Mór na Síne." Tógaḋ an balla seo ḋá mhíle blian ó ṡin, ċun na h-iomróra a coiméad amaċ. I riṫ an ama sin go léir, nuair a bhí an síoċáin i réim, ċuaiġ an léinn agus an litríoċt, an péintéireaċt agus an dealbhadóireaċt ċun cinn. Agus níl aon ionaḋ é sin, mar bhí Impirí maiṫe ann i gcónaí. Fir a bhí mórálaċ agus bródúil as a dtír.

An t-Impire "Fu-Hsi" mar ṡampla. Ḋéan sé féilire agus ċum sé córas scríobhnóireaċta. Ḋealbhaiġ "Shen Iunes", céaċta. Ṫionscnaiġ "Huang Ti" — an "Yellow Emperor" — an céad feiṫicil roṫ. Bhí clú ċomh mór sin ar an tSín, gur ċuaiġ daoine ann ó gaċ tír san domhain, ċun staidéar a ḋéanamh, nuair a ligeaḋ dóibh dul ann, san oċtú aois déag, agus naċ raibh dubh-iintas ar na scoláirí céanna. nuair a ċonaic siad an dea-riar a bhí ar an dtír. Is mór gi deimhin, nuair a ṫáinig "Marco Polo" ṫar nais ón Asia i 1292 níor ċreid na daoine Eorapaċa é mar ġeall ar a scéalta faoin tSín. Is fíor nár ċreid éinne é, go dtí gur foilsiú Rusticiano's "The Travels of Marco Polo" san mbliain 1298. Ansin bhí gaċ duine ar ċipíní rudaí iontaċa eile a léamh faoin oirṫear agus a ṡaiḃreas.

Aċ "ní mar síltear bítear". Ní raibh na Síniġ sásta leis na daoine a bhí ag teaċt isteaċ ó tíorṫa iasaċta, agus ḃeartaiġ siad deire a ċuir leis an dteaċt. Ḃris an "Battle of Concessions" amaċ san mbliain 1900 agus bhí "Sun Yat-sen" — Aṫair na Poblaċta — mar ceannaire ar na Síniġ. Cúpla bliain ina ḋiaidh sin, 1917, ḃris reaḃlóid amaċ san Rúis agus is san treo sin, a ċas Sun Yat-sen a aġaidh.

D'iarr sé cabhair ar na Rúisiġ. Ṫug an cuireaḋ sin. deis do na Rúisiġ a gcosa a ċuir taobh istiġ den tír, agus níor liġ siad an seans ṫaraṫú. Faoin mbliain 1928, bhí siad i gcomhaċt san tSín. Taréis sin bhí cogaḋ caṫarḋa san tír. Ṫáinig na Seapáiniġ isteaċ freisin. Is le linn an cogaḋ leis na Seapáiniġ, a tóġaḋ "Bóṫair Burma", cúl-doras na Síne. As sin amaċ, bhí deiġilt mór san tSín. D'iompaiġ a lán des na Síniġ ó ṫeagasc "Confucius" go teagasc "Marx" agus ba mhór an trua é sin. An lá atá inniu ann, tá ceannairí ceart na Síne, ar deóireaċt ar oileán For-mosa agus tá na Commaineaċa ag rialú an tír ó Peking.

Ḃuel, anois, naċ bhfuil sé soiléir ó stair na Síne, go mbéaḋ sí in ndon a ḃealaċ a ḋéanamh suas an dréimire, agus 'sé mo ṫuairim go bhfuil an céim is airde beagnaċ sroiste aici anois.

Nuair a fuair Sansibar a neamhspleaċas le deireannaí, ní raibh na Síniġ díomhaoin. Ṫáinig siad go dtí an t-oileán, mar cáirde agus mar comh - ġuaillí, le gunnaí agus saiġdiúirí. Ḋein siad an rud céanna cúpla mí ó ṡoin san Congo, agus tá sé déanta acu ċeana san Eigipt ⁊ i Sudan na hAifrice. Agus Ḃietnam; níos goire dóibh féin, cé gur sia uainn. Tá na Síniġ ag cabhrú le muintir an tuaiscirt in aġaidh pobail an deisceart.

Tá siad ag iarraidh Ḃietnam a ċoiméad deiġilte, agus tá ag éiriġ go maiṫ leo.

Tá motú neamhspléaċas san tSín anois. Tá siad ag iarraidh scaireaḋ leis an Rúis agus ní naċ ionaḋ gur ċuir siad litir ċuig na Stát Aontaiṫe a bhfórsaí a ċoimeád as Ḃietnam. .

Tá eagla ar Moscó. Cé'n ċúis eile a spréag na Rúisiġ, Khruscheḃ, a ḃriseaḋ as a post. Bhí sé ag éiriġ ró-ċáirdiúil le Peking. Tá Moscó ag iarraidh cosc a ċuir leis na Síniġ, mar tá siad ag éiriġ ró-ċomhaċtaċ ar fad dóibh. Aċ níl ag éiriġ ró - mhaiṫ leis an tUasal Kosygin, a plean a ṫabhairt ċun críċe. Níl ag éiriġ leis ar ċor ar biṫ.

Bhí cruinniú i Moscó tamall ó ṡoin. Cruinniu des na comhaċtaí móra Commaineaċa. Aċ ní raibh na Síniġ "ag glacaḋ an baoite", mar a déarfá, agus níor deineaḋ aon socrú. Fágaḋ Kosygin agus a ċompánaiġ i bponc. agus is mar sin a mbeidh siad go ceann tamall. Is amhlaidh a bhí na Rúisiġ ina gcodhlaḋ. Ċeap siad go raibh gaċ rud ar a dtoil féin acu sa domhain ṫoir. Aċ bhí na Síniġ ar a ndíċeall ag iarraidh a mbrionglóidí féin a ṫabhairt ċun críċe. Ró-ḋéanaċ atá na súile ar oscailt ag na Rúisiġ arís. Is ionaḋ leo, dul ċun cinn agus teaċt i dtreise na Síniġ. Mar, má leanann na fórsaí ó Peking ar aġaidh ċomh tapaidh amáraċ ⁊ a ċuaiġ siad inné, níl aon dabht ann, na go mbeidh ṡmaċt agus tionċar acu ar mhór ċuid den domhain—go mór mhór. san Aifric.

Ansan an mbeidh comhaċtaí an Kremlin nó Státaire Washington abálta "cosc a ċuir len a riṫ?" Ní dóiġ liom go mbeidh. Tá faitċíos orm naċ mbeidh! Ní ḟios cad tá in dan don domhain seo. Go gcumhdaí Dia sinn agus go gcuire Sé ceannairí an domhain ar ḃealaċ a leasa.

Máire Ní Ḋonnaċú, Scoil Seosaimh Naofa, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa Liag, Co. Longḟort.

COIS FARRAIGE

Is cuis broin do mhuinntir na Gaeltachta bas An tAthair Stiopan O Conghaile, C.SS.R., i Luimneach, Dia Sathairn seo caite. Is iomdha misiun cruadh agus gear a thug se i gConamara.

Cainnteoir duthais ba eadh e, a rugadh in Arainn na Gaillimhe. Bhi se os cionn 70 bliain d'aois.

Bhasigh Maolra Mac Donnacdha (Sonny) as An Fhaithe, Ceathramha Rua, le goirrid. Bhi sograid mhor aige ag Seipeal na Ceathramhan Rua, agus i Roilig Bharradoire. Ba driothair e do Sheamus Mac Donncadha, Bothair a' Chillin, agus de Mhicheal Mac Donncadha, B.E., Gaillimh.

Ni chloisfir feasta "cogadh" na mbadoiri sna tighte tabhairne o Dhangin go Rosabhil. Is iomdha arguint, gleo is sgliuchas a bhiodh idir iad maidir le ce'n bad mor a bhearr a bhi i ndan an Caolaire a dheanamh go hArrain agus Condae an Chlair, ach ta sin caite i nairde. Ta na baid tairnigh suas—ta riar mor aca i Gleibh an tSruthain agus i gleibhrana nach i, agus iad a' tuitim o cheile. Ba breagh an radharc iad le den tsaoghal agus suas le leit chead aca a seol amach go hOilain Arrain, go Cinnmhara, is go Co. an Chlair.

Ta an t-iasgach go maith i mbliana ar abhainn agus lochanna Chasla. Is doigh nach bhfuil aon iasgach eile in Iarthar na hEireann chomh fada leithe—o Fhagas tu Droichead Chasla go Loch Shannmhoin. Ni bhionn deire le seasur an iasghach go deire na miosa seo, agus ta na gillies ag dheanamh go maith.

Ta ostoiri, o Chois Fhairrge go Cuigeal, ag cur slacht mor ar a dtighte tabhairne. Ta gach compoirt anois ag fear a' pionnta, mar ta loungannai breagh ionnta in a bfeadfe se luigh siar ar a shaibin so.

Deantar cuid mhor iasgach ballach o na halltracha timpeall An Caillim. Alltracha mora arda iad seo, go mor mhor Ailt a' Cluigais, agus baintar an-speis a' tarraint isteach ballachai breagh mor le dubhain is baoiti.

Ta na cuairtoiri moran uilig bailigh leo as an gCeathramha Rua agus mor-thimpeall na haite. Bhi an-mholadh aca ar an ait, agus ta suil aca a bheith ar ais an bhliain seo chugain.

AN FÁINNE NUA?

Labhrann an-chuid daoine Gaeilge liom ó thosaigh mé á chaitheamh. Tá cairde nua agam gach lá dá bharr.

***AN FÁINNE NUA ÓIR** do Ghaeilgeoirí líofa ós cionn 17 mbliana arbh í an Ghaeilge is rogha leo a labhairt ar gach ócáid is féidir. (12/6).

***AN FÁINNE NUA AIRGID** do Ghaeilgeoirí idir 12-17 mbliana ar fonn leo Gaeilge a labhairt ar gach ócáid is féidir. (4/-).

AN FÁINNE NUA DAITE do dhaoine fásta nach bhfuil mórán Gaeilge acu, ach ar mhian leo a bhfuil i gcumas dóibh dí a labhairt (5/-).

*Tá daoine id cheantar a bhfuil údarás acu tú a mholadh le haghaidh na bhFáinní seo. Déan teagmháil leo, nó líon an cúpón seo agus seol é chuig aon cheann de na hEagraíochtaí seo: AN COMHCHAIDREAMH/AN RÉALT/CARA/COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE/CONRADH NA GAEILGE/CUMANN NA SAGART/GAEL-LINN/GLÚIN NA BUA/NA TEAGHLAIGH GHAELACHA, nó chuig AN COMHCHOISTE, 29, SRÁID UÍ CHONAILL ÍOCHT, BAILE ÁTHA CLIATH 1.

☐ Cuir chugam breis eolais faoin bhFáinne Nua Óir/Airgid

☐ Cuir chugam ..... Fáinní Daite @ 5/-; tá £...s...d... istigh le seo

AINM ....

SEOLADH ....

Arna eisiúint ag Caomhnóirí an tSuaitheantais.

IS DUITSE AN FÁINNE NUA

Fógraíocht Uí Loingsigh Teo.